# Cá bhfuil an Ciúb?

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás – cruthanna 3T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | ainmneacha cruthanna 3T, airíonna, aghaidh, dromchla, faobhar, rinn, reanna, eangach |
| **Áiseanna** | Clixi (no a leithéid), páipéar cearnógach, cláir bhána, siosúr |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Cuir ciúb i mála céadfach agus iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an rud a bhraitheann siad. Cén cruth atá ann, dar leo? Faigh amach an bhfuil daltaí eile ábalta an cruth a thomhas bunaithe ar an chur síos. De rogha air sin, cuireann comhscoláirí ceisteanna lena fháil amach cén cruth atá sa mhála. Déan é seo le ciúbóideach agus le cruthanna 3T eile.

### 2 Gníomhaíocht 2

Taispeáin cruth 3T do na daltaí. Iarr orthu na háiteanna a bhfuil na cruthanna seo le feiceáil sa tseomra ranga agus sa timpeallacht a shainaithint, mar shampla dísle srl. Pléigh airíonna na gcruthanna maidir le haghaidheanna, faobhair, reanna. Cén cruth atá ar na haghaidheanna? Iarr ar na daltaí a gcuid cruthanna a chruthú ag úsáid a gcuid cruthanna féin, Clixi nó cárta.

### 3 Gníomhaíocht 3

Iarr ar na daltaí na cruthanna a oscailt agus amharc ar a n-eangacha. Ansin, déanann siad taifead ar na heangacha a fuair siad ar pháipéar, clár bán nó Uirlis Mol Mata. Faigh amach cá mhéad atá siad ábalta a aimsiú. Gearrann na daltaí an eangach amach ó pháipéar cearnógach nó ó chairtchlár agus atógann siad na cruthanna.

### 4 Gníomhaíocht 4

Baineann na daltaí triail as líon ciúbanna difriúla lena fháil amach an bhfuil siad ábalta cruthanna 3T eile a chruthú. Cad é a tharlaíonn nuair a cheanglaítear dhá chiúb le chéile? Cén cruth nua a fhoirmítear? Iarr orthu é seo a dhéanamh le 3, 4, 5 chiúb srl. Tabhair an téarma ciúbóideach isteach nuair a bhaineann daltaí an cruth seo amach. Cad é an difear idir ciúb agus ciúbóideach?

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad aghaidh atá ar chiúb?<br>• Cén cruth atá ar gach aghaidh chiúbóidigh?<br>• An féidir leat ciúbanna a chur i gceann a chéile? | • Cad é a thugann tú faoi deara maidir le heangacha?<br>• Cad é a fuair tú amach faoi eangacha agus faoi chruthanna 3T?<br>• Cad é atá i bpáirt ag x agus y?<br>• Cad é an difear idir x agus y?<br>• Cá háit a bhfeiceann muid cruthanna 3T sa domhan thart orainn?<br>• Inis dom cad é mar a chruthaigh tú do chruth. |

## Difreáil

Socraigh na cruthanna, airíonna a mbeidh cur síos déanta orthu de réir thuiscint na ndaltaí.
Difreáil de réir toraidh / tacaíochta de réir thuiscint na ndaltaí (m.sh., cuir eangacha ar fáil do roinnt cruthanna).
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.